



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2017

CUNTASAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ LUAIN 19 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).
Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhir 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile. Ba chóir d'iarrthóirí CEIST 1 amháin a fhreagairt NÓ tabhairt faoi DHÁ cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).
Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhir 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí DHÁ cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).
Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí ceann AMHÁIN de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamháin
Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

ROINN 1 (120 marc)
Freagair **Ceist 1 NÓ DHÁ** cheist ar bith eile

1. Trádálaí Aonair – Cuntais Deiridh

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair M. Uí Mhaoláin ar 31/12/2016:

	€	€
Veaineanna seachadta (costas €150,000)	85,000	
Foirgnimh (costas €680,000)	595,000	
Trealamh oifige (costas €25,000)	15,000	
Paitinn (ioncam infheistíochta ceithre mhí san áireamh)	68,000	
Infheistíochtaí 3% (01/05/2016)	200,000	
Morgáiste seasta 6%		180,000
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	70,500	78,000
Stoc 01/01/2016	66,000	
Ceannacháin agus díolacháin	536,500	792,000
Coimisiún	16,500	
Soláthar in aghaidh drochfhiach		3,500
Lascaine (glan)		3,200
Banc		70,300
Tuarastail agus speansais ghinearálta	145,500	
Cíos	10,400	
Ús morgáiste a íocadh don chéad trí mhí	2,400	
Árachas (fionraí san áireamh)	17,700	
CBL	6,400	
ÍMAT, ÁSPC agus MSU		21,600
Tarraingtí	15,600	
Caipiteal		<u>701,900</u>
	<u>1,850,500</u>	<u>1,850,500</u>

Ar leanúint lch 3



Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) B'fhiú €76,500 an stoc ar a chostas ar 31/12/2016. San áireamh san fhiú seo tá stoc damáistithe a chosain €4,500 agus a bhfuil glanluach inréadaithe €3,000 air anois.
- (ii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar veaineanna seachadta ar an ráta bliantúil de 15% den chostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.

NÓTA: Ar 31/3/2016 trádáladh isteach veain seachadta a chosain €40,000 ar 30/09/2012 in aghaidh veain nua a chosain €48,000. Tugadh lamháltas de €18,000 ar an tseanveain. Iontráladh an seic ar ghlanmhéid an bhirt seo sa chuntas bainc ach caitheadh go hearráideach leis mar cheannachán stoc trádála. Ba iad seo amháin na hiontrálacha a rinneadh sna leabhair maidir leis an mbeart seo.
- (iii) Tarlaíonn figiúr na fionraí toisc gur breacadh figiúr mícheart don ús morgáiste (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus toisc gur aisíocadh €2,000 le haghaidh CBL nár iontráladh ach sa chuntas bainc amháin.
- (iv) Tá paitinn, a bhfuil ioncam infheistíochta 4 mhí cuimsithe inti, le díscríobh thar thréimhse cúig bliana ag tosú in 2016.
- (v) Tá soláthar le déanamh d'infheistíocht ioncaim atá dlite agus d'ús morgáiste atá dlite.
- (vi) Ghlac creidiúnaí a raibh €7,600 dlite dó le trealamh oifige dar luach €6,500 de réir na leabhar mar lánghlanadh ar an bhfiach. Chosain an trealamh oifige €11,000. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair maidir leis an mbeart seo. Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar ráta 20% den chostas ar threalamh oifige a bhí coinnithe ar 31/12/2016.
- (vii) Déan soláthar do dhímheas ar fhoirgnimh de réir ráta 2% den chostas in aghaidh na bliana. Socraíodh na foirgnimh a athluacháil ar €800,000 ar 31/12/2016.
- (viii) Fuarthas seic €700 ar 31/12/2016 maidir le fiach €1,200 a bhí díscríofa cheana féin mar dhrochfhiach. Is mian leis an bhféichiúnaí leanúint ar aghaidh ag trádáil le hÓ Maoláin agus tá sé geallta aige an fuilleach a íoc laistigh de 1 mhí. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair maidir leis an mbeart seo.
- (ix) Ní dhearnadh taifead ar bith sna leabhair i gcás 'earraí faoi bhealach' ar 31/12/2016. Fuarthas sonrasc do na hearraí seo a thaispeánann an praghas miondíola molta de €16,000, is é sin, an costas móide 25%.
- (x) Ní dhearnadh taifeadadh ar earraí a thóg Ó Maoláin lena n-úsáid go príobháideach le linn na bliana. Bhí luach miondíola €4,800 leo, is é sin, costas móide 20%.

Ag teastáil:

- (a) Ullmhaigh cuntas trádála, brabúis agus caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2016. (75)
 - (b) Ullmhaigh clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2016. (45)
- (120 marc)**

2. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Is iad seo thíos na cláir chomhardaithe do Mhac Gráinne cpt mar a bhí ar 31/12/2016 agus ar 31/12/2015 mar aon le cuntas brabúis agus caillteanais giorraithe don bhliain dar chríoch 31/12/2016.

Cuntas Brabúis agus Caillteanais giorraithe don bhliain dar chríoch 31/12/2016

	€
Brabús oibriúcháin	157,000
Ioncam infheistíochta don bhliain	2,000
Ús don bhliain	(12,000)
Brabús roimh cháin	147,000
Cáin don bhliain	(44,000)
Brabús tar éis cánach	103,000
Díbhinní íoctha	(32,000)
Brabús coinnithe don bhliain	71,000
Brabús coinnithe ar 01/01/2016	85,000
Brabús coinnithe ar 31/12/2016	<u>156,000</u>

Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar	31/12/2016		31/12/2015	
Sócmhainní Seasta	€	€	€	€
Talamh agus foirgnimh ar a gcostas	720,000		635,000	
Lúide dímhéas carntha	<u>(75,000)</u>	645,000	<u>(60,000)</u>	575,000
Innealra ar a chostas	405,000		325,000	
Lúide dímhéas carntha	<u>(185,000)</u>	<u>220,000</u>	<u>(163,000)</u>	<u>162,000</u>
		865,000		737,000
Sócmhainní Airgeadais				
Infheistíochtaí ar a gcostas		75,000		280,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc	151,000		144,000	
Féichiúnaithe	148,000		135,000	
Ús infheistíochta dlite	300		400	
Urrúis rialtais	40,000		-----	
Airgead	<u>3,500</u>		<u>2,000</u>	
	<u>342,800</u>		<u>281,400</u>	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin				
Creidiúnaithe trádála	180,000		210,000	
Banc	8,000		12,000	
Ús dlite	2,800		3,400	
Cáin	<u>36,000</u>		<u>45,000</u>	
	<u>226,800</u>	<u>116,000</u>	<u>270,400</u>	<u>11,000</u>
		<u>1,056,000</u>		<u>1,028,000</u>
Maoinithe ag				
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin				
Bintíúir 8%		180,000		350,000
Caipiteal agus Cúlchistí				
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	700,000		580,000	
Scairbhiseach	20,000		13,000	
Cuntas brabúis agus caillteanais	<u>156,000</u>	<u>876,000</u>	<u>85,000</u>	<u>678,000</u>
		<u>1,056,000</u>		<u>1,028,000</u>

Ar leanúint lch 5



Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:

1. Níor diúscaíodh aon innealra le linn na bliana ach fuarthas innill nua.
2. Ceannaíodh foirgnimh nua ar €200,000 le linn na bliana. Díoladh foirgnimh ar €15,000 faoina luach le linn na bliana.
3. Ba é an dímhéas a gearradh don bhliain ar fhoirgnimh chun an brabús oibriúcháin a bhaint amach ná €42,000.

Ag teastáil:

- (a) Ullmhaigh an ráiteas faoi shreabhadh airgid do Mhac Gráinne cpt don bhliain dar chríoch 31/12/2016 agus ráitis imréitigh san áireamh. (52)
- (b) (i) Bíonn ráitis faoi shreabhadh airgid úsáideach chun sócmhainneacht a mheas. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
- (ii) Éilíonn Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 1 ar chuideachtaí ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú.
Cad is Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais ann?
- (iii) Tá a ghíaráil laghdaithe go mór ag Mac Gráinne cpt idir 2015 agus 2016.
Cad iad na himpleachtaí a ghabhann leis an athrú seo? (8)
- (60 Marc)

3. Athluacháil Sócmhainní Seasta

Ar 1 Eanáir 2012, bhí réadmhaoín ruilse a chosain €960,000 i seilbh Uí Choimín Teo. Chuimsigh sí talamh in aice láimhe €240,000 agus foirgnimh €720,000. Déanann an cuideachta dímheas ar a cuid foirgneamh de réir ráta 2% in aghaidh na bliana de réir mhodh an mhéid chothroim. Is é polasaí na cuideachta dímheas iomlán bliana a chur i bhfeidhm sa bhliain ina nglactar seilbh ar réadmhaoín agus gan aon dímheas a bheith ann i mbliain a diúscartha. Ceannaíodh an réadmhaoín seo deich mbliana roimhe sin agus gearradh dímheas in aghaidh brabúis i ngach ceann de na deich mbliana sin (ní dhéantar aon dímheas ar thalamh).

Baineadh na sonraí a leanas as leabhair an ghnólachta:

- Ean 1 2012 Rinneadh an réadmhaoín a athluacháil ar €1,140,000. Bhain €315,000 den athluacháil seo leis an talamh.
- Ean 1 2013 Díoladh ar €420,000 talamh a chosain €240,000 ach a rinneadh a athluacháil ina dhiaidh sin ar 01/01/2012.
- Ean 1 2014 Ceannaíodh foirgnimh ar €360,000. Le linn 2014, íocadh €90,000 le conraitheoir foirgníochta as síneadh a chur leis na foirgnimh a ceannaíodh tamall gearr roimhe sin. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar an síneadh seo freisin agus d'íoc Ó Coimín Teo. pá €30,000 san iomlán leo as an obair sin.
- Ean 1 2015 Rinneadh athluacháil ar na foirgnimh a bhí i seilbh na cuideachta ar €1,435,500 (méadú 10% i dtaca le gach foirgneamh).
- Ean 1 2016 Díoladh ar €937,500 na foirgnimh a bhí i seilbh na cuideachta ar 01/01/2012. Rinneadh an chuid eile de na foirgnimh a athluacháil ar €570,000.

Ag teastáil:

- (a) (i) Ullmhaigh na cuntais mórleabhair ábhartha i dtaca leis na bearta thuas do na blianta dar chríoch 31 Nollaig 2012 go 31 Nollaig 2016.
(Níl cuntas bainc ná cuntas brabúis agus caillteanais ag teastáil).
- (ii) Taispeáin an sliocht ábhartha as an gclár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2016. (52)
- (b) (i) Mínigh an fáth a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaidh cuideachtaí athluacháil ar a gcuid sócmhainní seasta.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghas réadmhaoine ar an margadh. (8)
- (60 marc)

4. Cuntais Deiridh Ranna ag Trádálaí Aonair

Tá gnólacht mhuintir Uí Bhroin roinnte ina dhá roinn - Éadaí Ban agus Éadaí Fear. Baineadh na comharduithe seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2016:

	€	€
Caipiteal		316,500
Foirgnimh ar a gcostas	440,000	
Veaineanna seachadta ar a gcostas	40,000	
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	43,100	50,000
Morgáiste seasta 4%		150,000
Roinn na nÉadaí Ban		
Stoc 01/01/2016	25,000	
Ceannacháin agus díolacháin	210,000	300,000
Carraeireacht isteach	4,000	
Roinn na nÉadaí Fear		
Stoc 01/01/2016	16,000	
Ceannacháin agus díolacháin	140,000	200,000
Dleacht iompórtála	1,000	
Aischuir amach		3,000
Tuarastail agus speansais ghinearálta	75,600	
Fógraíocht	6,000	
Árachas	8,400	
Solas agus teas	10,300	
Glantachán	9,100	
Banc		<u>9,000</u>
	<u>1,028,500</u>	<u>1,028,500</u>

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoc ar 31/12/2016: Éadaí ban: 28,000
 Éadaí fear: 17,000
- (ii) Bhain an t-árachas leis an mbliain dar chríoch 28/02/2017.
- (iii) Ba le haghaidh fheachtas 15 mhí a thosaigh ar 01/03/2016 an íocaíocht fógraíochta.
- (iv) Tá dímheas le soláthar mar a leanas:
 Veaineanna seachadta ar 20% dá gcostas.
 Foirgnimh ar 2% dá gcostas.
- (v) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús morgáiste 1 bhliain amháin.
- (vi) Tá spás urláir an ghnólachta roinnte mar a leanas:
 Éadaí ban: 800 méadar cearnach
 Éadaí fear: 200 méadar cearnach
- (vii) Ba chóir speansais a bhaineann leis an dá roinn a roinnt de réir díolachán nó spás urláir de réir mar is cuí.

Ag teastáil:

- (a) Ullmhaigh cuntas trádála, brabúis agus caillteanais ranna don bhliain dar chríoch 31/12/2016. (50)
 - (b) Bunaithe ar na cuntais ullmhaithe, cad iad na moltaí a dhéanfa mar bhainisteoir ar ghnólacht mhuintir Uí Bhroin? (Nóta: Tá spás díolachán miondíola le fáil ar cíós €35 an méadar cearnach). (10)
- (60 marc)**

ROINN 2 (200 marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú Cuntas

Baineadh na figiúirí seo thíos as cuntais deiridh JB cpt, déantóir bia sláinte, don bhliain dar chríoch 31/12/2016. Tá scairchaipiteal údaraithe ag an gcuideachta de €1,000,000, comhdhéanta de 700,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Tá 450,000 gnáthscair agus 150,000 de na scaireanna tosaíochta 5% eisithe ag an ngnólacht cheana féin.

Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2016		
	€	€
Díolacháin		880,000
Stoc tosaigh	73,000	
Costas earraí díolta		(565,000)
Speansais oibriúcháin don bhliain		(185,000)
Ús		<u>(16,000)</u>
Glanbhrabús		114,000
Díbhinní íoctha		<u>(50,000)</u>
Brabús coinnithe		64,000
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2016		<u>15,000</u>
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2016		<u><u>79,000</u></u>

Cóimheasa agus eolas don bhliain dar chríoch 31/12/2015

Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire	18c
Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire	8c
Cumhdach úis	6 huaire
Mearchóimheas	0.80 : 1
Toradh ar chaipiteal in úsáid	12%
Luach margaidh gnáthscaire amháin	€1.20
Giaráil	45%
Cumhdach díbhinne	2.25 uair
Toradh díbhinne	6.67%

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2016	€	€	€
Sócmhainní Seasta			
Doláimhsithe		150,000	
Inláimhsithe		<u>580,000</u>	730,000
Infheistíochtaí (luach margaidh 31/12/2016 – €120,000)			<u>100,000</u>
			830,000
Sócmhainní Reatha (féichiúnaithe €45,000 san áireamh)		130,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin			
Rótharraingt bhainc	(26,000)		
Creidiúnaithe trádála	<u>(55,000)</u>	<u>(81,000)</u>	<u>49,000</u>
			<u>879,000</u>
Maoinithe ag			
Bintiúir 8% (urraithe 2019)			200,000
Caipiteal agus Cúlchistí			
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann		450,000	
Scaireanna tosaíochta 5% @ €1 an ceann		150,000	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais		<u>79,000</u>	<u>679,000</u>
			<u><u>879,000</u></u>

Luach an mhargaidh de ghnáthscair **€1.35** ar **31/12/2016**.

Ar leanúint lch 9



- (a) **Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2016:** (déan an t-áireamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).
- (i) An stoc ar deireadh más é 10 an ráta láimhdeachas stoic bunaithe ar an meánstoc.
 - (ii) An toradh díbhinne.
 - (iii) An tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire.
 - (iv) An toradh ar chistí cothromais.
 - (v) Cumhdach úis. (50)
- (b) Cuir comhairle ar an mbainisteoir bainc cé acu ar chóir iasacht €300,000, ar a ngearrfaí ráta úis 6%, a thabhairt do JB cpt nó nár chóir.
- Iasacht is ea í chun nuachóiriú ar a ngléasra déantúsaíochta a mhaoiniú.
- Úsáid cóimheasa, céatadáin agus eolas eile ábhartha chun tacú le do fhreagra. (40)
- (c) (i) Baineann fostaithe úsáid as faisnéis airgeadais. Dá mbeifeása fostaithe ag JB cpt mínigh cén fath a mbeadh spéis agat i bhfhaisnéis airgeadais na cuideachta.
- (ii) Sanaithin **dhá** ghrúpa eile a bhaineann úsáid as faisneas airgeadais. (10)
- (100 marc)**

6. Gnólacht Seirbhíse

Cuireadh iad seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais Ionad Corpacmhainne Lúfar Teo. ar 01/01/2016:

Foirgnimh agus talamh ar a gcostas €600,000, trealamh ar a chostas €80,000, troscán ar a chostas €40,000, stoc sa siopa €5,000, stoc d'ola théimh €1,800, glantachán ar conradh réamhíochta €200, ús infheistíochta dlite €300, creidiúnaithe do sholáthairtí don ionad corpacmhainne €2,000, táillí ball réamhíochta €3,000. Ba é €500,000 caipiteal údaraithe na cuideachta agus €350,000 an caipiteal eisithe.

Baineann dímhéas carntha 3 bliana leis na sócmhainní seasta go léir ar 01/01/2016.

Is cuntas fáltas agus íocaíochtaí é seo a leanas don bhliain dar chríoch 31/12/2016:

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Ionad Corpacmhainne Lúfar Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2016

	€		€
Iarmhéid sa bhanc 01/01/2016	59,500	Pá agus tuarastail	83,000
Táillí ball	270,000	Teileafón agus leathanbhanda	1,700
Ús ar infheistíochtaí 3%	3,000	Árachas	7,200
Fáltais siopa	85,000	Ceannacháin – siopa	38,600
Díolachán troscáin (Costas €20,000)	10,000	Ceannacháin – soláthairtí don ionad corpacmhainne	43,200
		Glantachán ar conradh	8,300
		Solas agus teas	5,600
		Ceannach foirgnimh in aice láimhe ar 01/04/2016	150,000
		Troscán	12,000
		Níochán	11,600
		Iasacht bhainc móide ús 15 mhí de réir 4% sa bhliain ar 01/04/2016	63,000
		Iarmhéid sa bhanc 31/12/2016	<u>3,300</u>
	<u>427,500</u>		<u>427,500</u>

Ar leanúint lch 11



Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoc deiridh ar 31/12/2016: siopa €1,800, ola théimh €400.
- (ii) Déantar an glantachán ar conradh atá iníoctha roimh ré go míosúil agus cuimsíonn sé íocaíocht de €600 d'Eanáir 2017.
- (iii) Cuimsíonn na táillí ball €4,200 do 2017. Táillí ball a bhí i riaráiste ar 31/12/2016 ná €2,700.
- (iv) Ní chuimsíonn figiúr deiridh an bhainc táillí bainc €110 ná seic obtha €950 a fuarthas ó bhall i leith táillí ballraíochta.
- (v) Cuimsíonn íocaíocht an nícháin €2,700 do thrí seachtaine pá a íocadh le teagascóir athsholáthair corpacmhainne. Déan soláthar le haghaidh coicís bhreise de phá dlite.
- (vi) Cuimsíonn pá agus tuarastail €24,000 in aghaidh na bliana a íoctar leis an rúnaí, a bhíonn i mbun an tsiopa freisin. Meastar go bhfuil 60% den tuarastal seo agus €300 den solas agus teas, €850 den árachas agus €400 den teileafón agus leathanbhanda inchurtha i leith an tsiopa.
- (vii) Bhí €3,600 dlite do chreidiúnaithe as soláthairtí ar 31/12/2016.
- (viii) Tá soláthar le déanamh in aghaidh dímheasa mar seo a leanas:
 - Foirgnimh agus talamh ar 2% den chostas ón dáta ceannaigh.
 - Trealamh ar 20% den chostas.
 - Déantar dímheas ar throscán a bhí coinnithe ar 31/12/2016 ar 20% den chostas. Níl dímheas le déanamh ar throscán i mbliain a dhiúscartha.

Ag teastáil:

- (a) Ráiteas cúlchistí na cuideachta (iarmhéid brabúis agus caillteanais) ar 01/01/2016 a ullmhú. (18)
 - (b) Ríomh an brabús/caillteanas ón siopa don bhliain dar chríoch 31/12/2016. Taispeáin an t-oibriú amach. (10)
 - (c) Ullmhaigh cuntas brabúis agus caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2016. (32)
 - (d) Ullmhaigh clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2016. (30)
 - (e) Tá sé beartaithe ag Ionad Corpacmhainne Lúfar Teo. trealamh nua giomnáisiam a cheannach agus a shuiteáil. Tá meastachán €225,000 faighte acu. An acmhainn d'Ionad Corpacmhainne Lúfar Teo. an t-infheistiú seo a dhéanamh? Mínigh do fhreagra. (10)
- (100 marc)**

7. Ráiteas Táblach

Léirítear staid airgeadais Uí Dhubhshláine Teo. ar 01/01/2016 sa chlár comhardaithe seo a leanas:

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 01/01/2016			
	Costas	Dímheas go dáta	Glan
Sócmhainní Seasta	€	€	€
Talamh agus foirgnimh	630,000	25,000	605,000
Feithiclí	50,000	27,000	23,000
Trealamh	<u>15,000</u>	<u>3,000</u>	<u>12,000</u>
	<u>695,000</u>	<u>55,000</u>	640,000
Sócmhainní Reatha			
Stoc	73,000		
Féichiúnaithe (lúide soláthar 4%)	<u>86,400</u>	159,400	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Creidiúnaithe	54,000		
Banc	32,000		
CBL	8,400		
Speansais dlite	<u>6,000</u>	<u>100,400</u>	<u>59,000</u>
			<u>699,000</u>
Maoinithe ag			
Caipiteal agus Cúlchistí			
Údaraithe – 800,000 gnáthscair @ €1 an ceann			
Eisithe – 560,000 gnáthscair @ €1 an ceann		560,000	
Scairbhiseach		30,000	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais		<u>109,000</u>	<u>699,000</u>
			<u>699,000</u>

Ar leanúint lch 13



Rinneadh na bearta seo a leanas le linn 2016:

- Ean Bheartaigh Ó Dubhshláine Teo. athluacháil a dhéanamh ar thalamh agus ar fhoirgnimh ar €800,000 ar 01/01/2016. Cuimsíonn an talamh €110,000 den luach nua seo.
- Fea Ar 01/02/2016, cheannaigh Ó Dubhshláine Teo. gnólacht in aice láimhe a chuimsigh foirgnimh €180,000, trealamh €50,000, féichiúnaithe €12,000 agus creidiúnaithe €20,000. Glanadh an praghas ceannaigh trí 200,000 scair in Ó Dubhshláine Teo. a thabhairt don díoltóir ar bhiseach 20c an ceann.
- Már Bheartaigh an bhainistíocht go n-ardófaí an soláthar in aghaidh drochfhiach go 6% d'fhéichiúnaithe ag deireadh mhí an Mhárta.
- Aib Ceannaíodh earraí ar cairde ar €14,760. Bhí CBL 23% san áireamh anseo.
- Mei Fuarthas ráiteas bainc ar 30 Meitheamh a léirigh aistriú creidmheasa de €7,200 chun cíos 8 mí a íoc roimh ré ón 1 Meitheamh, agus dochar díreach de €4,800 ar shlándáil (chostasáí) don bhliain dar chríoch 30/04/2016.
- Iúil Íocadh iarmhéid cuntais €1,800 ag creidiúnaí le seic agus fuarthas lascaine de €100.
- Lún Fuarthas íocaíocht €900 ó S. de Barra, féichiúnaí, ar díscríobhadh a fhiach cheana. Is ionann sin agus 60% den bhunfhiach agus gheall de Barra an chuid eile den fhiach a íoc.
- Ar an dáta céanna, díoladh earraí dar luach €369 ar cairde le de Barra. San áireamh anseo tá CBL 23% agus marcáil suas de 20% ar chostas.
- MF Fuarthas €50,000 ar eisiúint na scaireanna a bhí fágtha.
- DF Cuireadh ar ais earraí a dhíol Ó Dubhshláine Teo. cheana ar €738. Cuimsíonn an figiúr seo CBL 23% agus marcáil suas de 20% den chostas. D'eisigh Ó Dubhshláine Teo. nóta creidmheasa €700 de bharr moille le cur ar ais na n-earraí seo.
- Sam Creidiúnaí a raibh €4,000 dlite dó ó Ó Dubhshláine Teo., ghlac sé le trealamh de luach €3,200 de réir na leabhar mar íocaíocht iomlán ar an bhfiach. Chosain an trealamh €5,400.
- Noll Tá dímheas le déanamh ar na foirgnimh de réir 2% dá luach de réir na leabhar. Tá an muirear dímheasa le ríomh ó dháta na luachála agus ó dháta an cheannacháin. Is é an muirear dímheasa iomlán ar fheithiclí don bhliain ná €8,000.

Ag teastáil:

Breac ar ráiteas táblach an tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar an tsócmhainn agus ar an dliteanas ábhartha, agus oibrigh amach na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2016.

(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Costas Imeallach

Déanann Ó Cléirigh Teo. táirge amháin. Seo thíos cuntas brabúis agus caillteanais na cuideachta don bhliain dar chríoch 31/12/2016, bliain inar táirgeadh agus inar díoladh 60,000 aonad:

	€	€
Díolacháin (60,000 aonad)		1,320,000
Ábhair	270,000	
Saothar díreach	207,000	
Forchostais mhonarchan	240,000	
Speansais riaracháin	101,250	
Speansais díolacháin	<u>82,500</u>	<u>900,750</u>
Glanbhrabús		<u>419,250</u>

Is costais athraitheacha iad na hábhair agus an saothar díreach. Seachas coimisiún díolacháin 5% ar na díolacháin, is speansais sheasta iad speansais díolacháin agus riaracháin. Is costais mheasctha iad na forchostais mhonarchan agus is mar seo thíos a bhíodar san am atá thart:

Bliain dar chríoch	Aschur (aonaid)	Forchostais Mhonarchan in €
31/12/2013	90,000	330,000
31/12/2014	50,000	210,000
31/12/2015	30,000	150,000

Ag teastáil:

- Ríomh na heilimintí athraitheacha agus seasta de na forchostais mhonarchan agus úsáid an modh ard/íseal.
- Ríomh pointe cothroime na cuideachta agus an lamháil sábháilteachta.
- Ríomh an líon aonad is gá a dhíol ar €25 an t-aonad chun brabús 10% den ioncam ó dhíolacháin a chur ar fáil i leith na n-aonad céanna seo.
- Ríomh an praghas díolacháin in aghaidh an aonaid is gá don chuideachta a ghearradh in 2017, má thagann méadú 12% ar na costais sheasta ach gan athrú ar mhéid na ndíolacháin ná ar an mbrabús.
- Nuair a rinneadh taighde margaidh, moladh na roghanna seo thíos.

Rogha 1 – Déan laghdú 10% ar an bpraghas díolacháin agus caith €30,000 sa bhreis ar fhógraíocht ionas go dtiocfaidh méadú 20% ar dhíolacháin.

Rogha 2 – Caith €40,000 ar mheaisín nua pacáistithe a fháil ar léas (costas seasta). Déanfaidh sé seo laghdú €2 in aghaidh an aonaid ar an gcostas athraitheach má fhanann díolacháin ag an leibhéal ag a bhfuil siad anois.

Ullmhaigh ráiteas costála imeallaí do gach rogha.

Scríobh tuairisc **ghairid** ar do mholadh do bhainistíocht Uí Chléirigh Teo.

- Cad is brí leis an téarma ‘Anailís Íogaireachta’?

(80 marc)

9. Buiséadú

Chríochnaigh Ó Súilleabháin Teo. a réamhaisnéis bhliantúil díolachán go dtí deireadh 2018. Tá siad ag brath dhá tháirge a dhíol – Simplí ag €260 agus Deluxe ag €340.

Tá laghdú de 10% le cur i bhfeidhm ar na stoic go léir ó na leibhéil tosaigh faoi dheireadh 2018 agus tá siad á luacháil de réir an mhodha TITA (FIFO).

	Simplí	Deluxe
Díolacháin dhóchúla	1,800 aonad	1,500 aonad

Meastar go mbeidh na stoic seo d'earraí críochnaithe ar 01/01/2018:

Simplí	50 aonad ar €220 an ceann
Deluxe	60 aonad ar €290 an ceann

Úsáidtear na hamhábhair agus an lucht saothair oilte céanna leis an dá tháirge a dhéanamh, ach i gcainníochta difriúla in aghaidh an aonaid, mar a leanas:

	Simplí	Deluxe
Ábhar A	5 kg	7 kg
Ábhar B	3 kg	6 kg
Lucht saothair oilte	4 huaire	5 huaire

Meastar go mbeidh na stoic amhábhair seo ann ar 01/01/2018:

Ábhar A	3,000 kg @ €4.50 an kg
Ábhar B	2,000 kg @ €5.50 an kg

Meastar go mbeidh na praghsanna seo ar amhábhair le linn 2018:

Ábhar A	€5.00 an kg
Ábhar B	€6.00 an kg

Meastar gur €15 in aghaidh na huaire an ráta saothair oilte.

Meastar go mbeidh na forchostais táirgeachta seo a leanas ann:

Athraitheach	€8 in aghaidh na huaire de shaothar oilte
Seasta	€322,300 sa bhliain

Ag teastáil:

- (a) Ullmhaigh buiséad táirgeachta (in aonaid).
- (b) Ullmhaigh buiséad ceannachán amhábhar (in aonaid agus in €).
- (c) Ullmhaigh buiséad costas táirgeachta/déantúsaíochta.
- (d) Ullmhaigh cuntas trádála buiséadaithe (iarrtar ort costas aonaid an stoic deiridh bhuiséadaithe a ríomh don dá tháirge).
- (e) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go n-ullmhódh gnólacht buiséid go rialta?

(80 Marc)

Leathanach Bán